[View in browser](#)

03 Feabhra 2022

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 83







## RANGANNA GAEILGE DO THUISMITHEOIRÍ

Tá Ranganna Gaeilge do Thuismitheoirí á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Tá dhá chúrsa ar bun an téarma seo, ceann do ghlantosaitheoirí agus ceann eile do fhoghlaimeoirí. Beidh ranganna do ghlantosaitheoirí feiliúnach do dhaoine nach bhfuil aon taithí acu ar fhoghlaim ná ar labhairt na Gaeilge. Cuirfear ranganna na bhfoghlaimeoirí ar fáil do dhaoine a bhfuil cúrsa nó ranganna déanta acu roimhe seo. Tosóidh na glantosaitheoirí ar an Luan 7ú Feabhra @ 7i.n. agus rachaidh na foghlaimeoirí i mbun foghlama ar an gCéadaoin 9ú Feabhra @ 7i.n. Ar an gcóras Zoom a bheas na ranganna don téarma seo. Le tuilleadh eolais a fháil nó le clárú do na ranganna is féidir teagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com nó 083 010 6294.

*A new term of Irish Classes for Parents will begin soon on Zoom. Two course levels are available: Beginners and Improvers. The Beginners group will commence on Monday 7th February @ 7pm and Improvers will begin on Wednesday 9th @ 7 p.m. Contact optchoisfharraige@gmail.com or 083 010 6294 for more information or to register.*








## MAIDIN CHAIFE

Tá maidin chaife do thusimitheoirí atá ag tógáil a gclanna le Gaeilge á reáchtáil ar an Luan 7ú Feabhra @ 11r.n. i bPOTA Café. 'Sí Orla Ní Fhinneadha a bheas mar bhean an tí ag an ócáid atá á reáchtáil ag Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige i gcomhar le Tuismitheoirí na Gaeltachta. Pléifear cúrsaí clainne agus an Ghaeilge, chomh maith le cur i láthair neamhfoirmeálta ó na hOPTanna agus ó Thuismitheoirí na Gaeltachta maidir leis na seirbhísí a chuireann siad ar fáil. Beidh blaisíní deasa ó POTA Café ar fáil freisin!




## YOGA AS GAEILGE

Tá ranganna Hatha Yoga dátheangacha á reáchtáil i Seanscoil Sailearna faoi láthair. Bíonn na ranganna ar siúl ar an Luan agus an Mháirt ó 7-8 i.n. Tá €10 ar na ranganna agus is féidir teagmháil a dhéanamh le yogawithantoine@gmail.com nó 087 103 9226 le tuilleadh eolais a fháil.

## LEABHRA FEABHRA 2022

Seoladh feachtas nua litríochta ar Lá Fhéile Bhríde, 1 Feabhra, i mbliana. **Leabhra Feabhra** atá ar an bhfeachtas a spreagann léitheoirí, idir óg agus aosta, leabhair Ghaeilge a léamh, a roinnt lena chéile nó a cheannach dá chéile mar bhronntanas. Tugann an feachtas deis do dhaoine freisin tacaíocht a thabhairt do fhoilsitheoirí, scríbhneoirí agus maisitheoirí iontacha atá ag feidhmiú san earnáil seo. Ní do chainteoirí líofa amháin an feachtas ach oiread,

cuirfear fáilte roimh mholtaí ó thaobh saothar litríochta dírithe ar fhoghlaimeoirí chomh maith. 'Sí príomhaidhm an fheachtais ná gréasán a chruthú le moltaí a roinnt agus an léitheoireacht Ghaeilge a spreagadh. Cé go mbeidh an léitheoireacht ar siúl sa mbaile, cuirfear fáilte roimh scéalta, moltaí agus pictiúir fiú a roinnt ar Twitter le linn an fheachtais. Le páirt a ghlacadh ann, níl le déanamh ach do chéad leabhar a oscailt nó do chuid smaointe a roinnt ar Twitter, ag baint úsáide as an haischlib **#LeabhraFeabhra.** Ní mór súil a choinneáil ar chuntas Twitter Cúla4 freisin, a bhronnfaidh duais #LeabhraFeabhra le linn na míosa. Bígí ag léamh!










## CLUB ÓIGE NA BHFORBACHA

Tá oíche eolais á reáchtáil le **Club Óige na bhForbacha** a bhunú ar an Máirt 15ú Feabhra i Scoil na bhForbacha. 'Siad Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige agus Óige na Gaeltachta atá i mbun na hócáide. Cuirfear tús leis an gcruinniú @ 7i.n agus cuirfear fáilte roimh éinne ar mian leo imeachtaí agus gníomhaíochtaí don óige a chur chun cinn sa gceantar. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó optchoisfharraige@gmail.com nó 083 010 6294.

## GRÚPA DRÁMAÍOCHTA CHLUB FOGHLAIMEOIRÍ GAEILGE CHOIS FHARRAIGE

Tagann grúpa drámaíochta faoi scáth **Chlub Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige** le chéile ar an Aoine @ 7:30 i.n. mar chuid de chlár imeachtaí an Chlub Foghlaimeoirí. Bíonn idir fhoghlaimeoirí agus cainteoirí líofa sa ngrúpa, daoine atá sa gceantar ariamh nó le fada an lá chomh maith le daoine nua isteach. Máirín Mhic Lochlainn, drámadóir agus múinteoir, a scríobhann na drámaí, drámaí a scríobhann sí go heisiach don chlub, dráma nua chuile shéasúr. Maireann na cleachtaí drámaíochta seachtainiúla seo thart ar uair go leith, agus ar Zoom atá siad á reáchtáil faoi láthair. **Aicíd na Zúmála** a léirigh

an grúpa roimh Nollaig. D'éirigh leis an gclub an dráma a léiriú mar dhráma raidió agus ar Zoom. Rinneadh taifeadadh air freisin le go bhféadfaí é a roinnt ar Facebook. Is féidir teacht ar an dráma anseo, is fiú go mór breathnú air! Má tá spéis agat páirt a ghlacadh sa ngrúpa, is féidir teagmháil a dhéanamh le spiddalgaeilge@gmail.com nó glaoch ar 085 875 5073

## CÚRSA AIREACHAIS LE KATIE MCGREAL

Tá cúrsa aireachais do dhaoine fásta, á reáchtáil ag **Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga** i gcomhpháirt le **Katie McGreal**. Tabharfaidh Katie cúrsa trí seachtaine de sheisiúin threoraithe ag díriú ar dheachleachtais i gcúrsaí aireachais agus folláine. Beidh na seisiúin ar siúl in Inis Fáil, i sráidbhaile an Spidéil. Má tá suim agat ann, is féidir teagmháil a dhéanamh linn ag optchoisfharraige@gmail.com nó ar 083 010 6294






## CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

Tiocfaidh **Club Leabhar Chois Fharraige** le chéile ar an gCéadaoin, 16 Feabhra ag a 8 i.n. i d**Tigh Mholly** chun an cnuasach gearrscéalta **Ré na bhFathach** le Colm Ó Ceallacháin a phlé. Beidh blaisíní bia ar fáil ar an oíche ó POTA Café. Cuirtear fáilte i gcónaí roimh bhaill nua. Le tuilleadh eolais a fháil is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gclub ag clubleabharcf@gmail.com

## RANGANNA GAEILGE LE CLUB FOGHLAIMEOIRÍ GAEILGE CHOIS FHARRAIGE

Tá raon leathan ranganna Gaeilge á reáchtáil ag Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige. Cuireann an club cúrsaí Gaeilge 10 seachtaine le haghaidh gach leibhéal TEG ar fáil. Bíonn na ranganna ar siúl tráthnóna Dé Luain, Dé Máirt agus Dé Céadaoin, ag braith ar éileamh agus an leibhéal atá i gceist. Beidh ranganna théarma an Earraigh 2022 á dteagaisc ar líne. Má tá tuilleadh eolais uait, nó má tá tú ag iarraidh clárú leis an gclub is féidir teagmháil a dhéanamh le spiddalgaeilge@gmail.com nó is féidir glaoch a chur ar 085 185 2786

## FÓRAM ÓIGE CHOIS FHARRAIGE

Tá **Fóram Óige Chois Fharraige** á bhunú ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Fochoiste ionadaíocht óige a bheidh ann, áit a mbeidh deis ag óige Chois Fharraige ábhair a phlé, tuairimí a roinnt, agus moltaí i leith na pleanála teanga a chur faoi bhráid agus a phlé le hOifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige. Idir ochtar agus deichniúr a bheas ar an bhFóram Óige, idir 15-18 bliain d'aois, as ceantar Chois Fharraige, le hionadaí amháin, ar a laghad, ó chuile cheantar scoile sa LPT. Is deis iontach í seo do dhaoine óga ionchur a bheith acu ar an bpróiseas pleanála teanga sa gceantar chomh maith lena gcuid tuairimí a roinnt faoi chéard ar mhaith leo a fheiceáil do dhéagóirí Chois Fharraige amach anseo. Le suim a léiriú sa bhFóram Óige, is féidir foirm iarratais a líonadh anseo. Glacfar le hiarratais go dtí Dé Luain 7ú Feabhra.

## AG CAITHEAMH BLIANA I GCOLÁISTE CHOLMCILLE

Tháinig Nadja agus Martina go Coláiste Cholmcille ag tús na scoilbhliana ar mhalartú. Tá siad i rang na hidirbhliana agus ina gcónaí le clann as Ros an Mhíl. Is as an Spáinn agus as an Ostair iad. Ní raibh aithne acu ar a chéile, ná ar a dteaghlach óstach ná ar aon duine sa scoil sular tháinig siad anall. Tá an oiread déanta acu ó thús na bliana san Idirbhliain. Chuaigh siad ar roinnt turais. Chruthaigh siad a gcomhlacht beag féin agus dhíol siad a dtáirgí ag Margadh na Nollag. 'Crúiscín Milis' ainm an chomhlachta, dhíol siad crúiscíní lán le milseáin a bhí oiriúnach don Nollaig. Taitníonn na ranganna Eacnamaíocht Bhaile go mór leo, is breá leo a bheith ag cócaireacht agus ag bácáil béilte Éireannacha agus ar ndóigh á mblaiseadh freisin. Nuair a bhíonn am saor acu le linn an deireadh seachtaine, breathnaíonn siad ar chluichí peile Gaelach. Thug siad tacaíocht d'fhoireann Naomh Anna Leitir Móir sna cluichí a bhí acu le déanaí. Bhain siad an-taitneamh as na cluichí. Taitníonn an sobaldráma Ros na Rún go mór leo freisin, breathnaíonn siad air leis na fotheidil rud a chuidíonn leo cúpla focal Gaeilge a fhoghlaim. Ar ndóigh tá roinnt mhaith imeachtaí i bhféilire na hidirbhliana don chuid eile den scoilbhliain agus is cinnte go bhfuil siad ag tnúth go mór leo.

Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

mailer lite